



## Nótaí do Mhúinteoirí (Aibreán – Bealtaine 2021)

Socrúchán Gairmiúil 3 / MGO Socrúchán Gairmiúil 2

A Mhúinteoir Ranga,

Gabhaim buíochas leat as éascú a dhéanamh ar an deis seo atá ag an mac léinn socrúchán a dhéanamh i do rangsa, go háirithe agus tionchar Covid-19 san áireamh agus tar éis na socrúcháin na bliana seo caite a bheith curtha ar athlá. Gheobhaidh tú an méid seo a leanas ag an nasc lín: (i) An Sceideal Teagaisc don socrúchán, (ii) cóip den doiciméad ‘Tacaíocht a thabhairt don Ábhar Oide atá ar Shocrúchán’ agus (iii) ‘Eolas do Mhúinteoirí Comhoibrítheacha’. Tá an Sceideal Teagaisc deartha ar bhonn solúbtha agus tá an cúram teagaisc íoslaghdaíthe go mór ó bhlianta eile de bharr Covid-19. Tabharfar spreagadh do na mic léinn a bheith ag múineadh chomh minic agus is féidir leo ach tuiscint a bheith acu go mbeidh am ag teastáil ón múinteoir ranga le bheith ag plé leis an rang go háirithe i mbliana. Beidh deis ag na mic léinn dul i gcomhairle leat féin maidir le riachtanais daltaí ar an 26ú agus 27ú Aibreán ar scoil.

**Feitheoireacht agus Meantóireacht:** Tá dualgas ar na mic léinn pleanáil a dhéanamh i bhfianaise iarratas an mhúinteora agus a bheith oscailte d’aiseolas neamhmheastóireachta é ó mhúinteoirí, mar a shonraítear i dtreoirilínthe na Comhairle Múinteoireachta. Ar aon dul leis an aontú idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus páirtithe leasmhara eile chun líon na gcúairteoirí ar scoil a íoslaghú, pléifidh na feitheoirí leis na mic léinn ar líne agus ní bheidh siad ag teacht ar cuairt ar an scoil. Beidh trí choinne ag an mac léinn leis an bhfeitheoir i gcaitheamh an tsocrúcháin agus déanfaidh an feitheoir teagmháil leis an scoil chomh maith. Toisc nach ndéanfaidh an feitheoir breathnóireacht ar an múinteoireacht a dhéanfaidh an mac léinn, tá dualgas ar na mic léinn pleanáil a dhéanamh i bhfianaise iarratas an mhúinteora agus a bheith oscailte d’aiseolas nach measúnú é ón múinteoir ranga, mar a shonraítear i dtreoirilínthe na Comhairle Múinteoireachta. (Féach *Tacaíocht a thabhairt don Ábhar Oide ar Shocrúchán* agus *Eolas do Mhúinteoirí Comhoibrítheacha*). Is aiseolas foirmitheach a sholáthróidh an múinteoir agus ní aiseolas faoina ndéanfar measúnú ar an mac léinn. Gheobhaidh an feitheoir léargas ar pheirspictíocht na scoile tríd an teagmháil a dhéanfaidh sé nó sí leis an scoil. Cuireann na feitheoirí fáilte roimh pheirspictíocht na scoile agus roimh do pheirspictíocht féin maidir le dul chun cinn an mhic léinn. Eagrófar cuairt chun na scoile má mheastar gur gá a leithéid a dhéanamh.

**Gairmiúlacht:** Toisc gur ar leas agus ar fhoghlaim na ndaltaí atá ár n-aird againne don socrúchán, iarrtar ar mhúinteoirí aon cheist ar fiú a lua maidir le hinniúlacht ghairmiúil an mhic léinn a chur in iúl don fheitheoir/don phríomhoide mar is cuí. Bítear ag súil go ndéanfaidh an mac léinn plé ar bhonn gairmiúil agus cúirtéiseach le pearsanra na scoile. Agus an mac léinn ina c(h)uairteoir i do scoil, tá dualgas air/uirthi cloí le héiteas na scoile. Má bhíonn gairmiúlacht an mhic léinn ina húdar imní, déan teagmháil liom láithreach le do thoil. Cuireann na feitheoirí fáilte roimh pheirspictíocht an mhúinteora maidir le dul chun cinn an mhic léinn. Tá gach mac léinn tar éis dul faoi phróiseas ghrinnfhiosrúcháin na nGardaí Síochána de réir ciorclán 0031/2016 agus beidh **litir ghrinnfhiosrúcháin na nGardaí** ag gach mac léinn ina c(h)omhad féin. Tá **Comhaontú** ag gach mac léinn chomh maith a dteastaíonn síniú ó phearsanra scoile air. Tá **Dearbhú Reachtuil** ag gach mac léinn chomh maith dá mba mhaith leat é a fheiceáil.

Sula gcuirfidh an mac léinn tús leis an socrúchán, cuirfidh siad *Foirm Thosaithe Socrúcháin Covid-19* isteach. Tá sé tábhachtach go gcuirfidh an mac léinn eolas ar na socrúcháin agus ar an bpolasaí atá sa scoil maidir le Covid-19 ar an gcéad lá dóibh ar scoil. Tá ailt ar leith ó *Treoir maidir le hAthoscailt Scoileanna* na Roinne Oideachais agus Scileanna (go háirithe na hailt a bhaineann le socrúcháin Covid-19) agus *Treoirilínthe Curaclaim* ina léitheoireacht riachtanach ag an mac léinn sula gcuirfidh sé nó sí tús leis an socrúchán. Seolfaidh na mic léinn Foirm Thosaithe Covid-19 ar ríomhphost chuig an scoil roimh an 26ú Aibreán. Tá socrúchán scoile comhlíonta ag mic léinn fhochéime sna meánranganna cheana féin roimh an socrúchán seo (Tá mic léinn an MGO ar a gcéad socrúchán múinteoireachta). Tá micreatheagasc déanta acu agus tá modúil comhlíonta a bhaineann le hullmhacht do shocrúchán gairmiúil. Tá súil agam go ndéanfaidh an mac léinn obair mhór sa scoil, trína bheith ag plé go gairmiúil agus go forghníomhach libh agus trí dheiseanna foghlama a chruthú dóibh féin agus do na daltaí araon. Tabhair d’aire go mbeidh ar aon mhac léinn a bheidh as láthair níos mó ná 5 lá i gcaitheamh an tsocrúcháin an socrúchán a dhéanamh arís idir Bealtaine-Meitheamh 2021.

Chun an cúnamh a bheidh tugtha ag an múinteoir ranga don mhac léinn ar an socrúchán a aithint tabharfar aitheantas rannpháirtíochta don mhúinteoir ag deireadh an tsocrúcháin. Murar mhian leat aitheantas rannpháirtíochta a fháil, cuir ar an eolas sinn ag [schoolplacement@mic.ul.ie](mailto:schoolplacement@mic.ul.ie). Gabhaim buíochas leat agus le do



## Nótaí do Mhúinteoirí (Aibreán – Bealtaine 2021)

Socrúchán Gairmiúil 3 / MGO Socrúchán Gairmiúil 2

fhoireann as deis a thabhairt don mhac léinn an socrúchán a dhéanamh sa scoil agus as a bheith sásta plé a dhéanamh le teagmháil ó fheitheoir an choláiste i gcaitheamh an tsocrúcháin seo. Ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh liom am ar bith.

Le dea-ghuí,

Eamonn Mitchell (Comhordaitheoir Socrúchán) [Eamonn.Mitchell@mic.ul.ie](mailto:Eamonn.Mitchell@mic.ul.ie) 22ú Márta

2021